

* Meáin Chumarsáide.

Tá na meáin chumarsáide iontach tábhachtach sa lá atá inniu ann. An teilifís, an raidió, na nuachtáin, an t-idielíon, agus fógraíocht - Bíonn siad uilig chun tosaigh inár saol in Éirinn inniu.

Ar ndóigh, tá buntaistí agus níbhuntaistí ag baint leis na meáin chumarsáide. Baineann gach duine sult as an teilifís. Déarfainn féin go bhfuil oideachas le fáil ann! Cmharcain féin ar an nuacht gach lá, agus is féidir Gaeilge a fhaghlaim ar TG4.

Insíonn na nuachtáin agus na hirisí dúinn cad é atá ag tarlú timpeall an domhain. Éistimid leis an raidió chun éisteacht le ceal. Is féidir a lán rudair a dhéanamh ar an idielíon - Ríomhphost a úsáid, eolas a pháil, agus siopadóireacht a dhéanamh! Bíonn fógraíocht thart orainn an t-am ar fad, fiú ar na sráideanna.

Ar an taobh eile den scéal, is drochrud é an tionchar atá ag na meáin chumarsáide. Is féidir leo soineantacht na bpáistí a scriosadh, mar shampla. Caithseann a lán daoine barraíocht ama ag amharc ar an teilifís foista. Mé féin san áireamh!

Gan amhras, tá na meáin chumarsáide iontach go deo úsáideach. É sin ráite, tá rudair níos tábhacthaí ar an teoil seo: Mar shampla, aclaíocht, mo theaghlach, agus mo shamhláocht.

* AN T-ÁBHAR SCÓILE IS FEARR LIOM.

Is í an Ghaeilge an t-ábharr scoile is fearr liom. Is aoibhinn liom í mar is í mo theanga dhúchais í. Tá an múinteoir crosta, ach bionn na ranganna suimiúil.

Déanaim Gaeilge gach lá, agus maireann gach rang daichead bormaite. Thosaigh mé ag foghlaim Gaeilge nuair a bhí mé ceithre bliana d'aois.

Sa rang Gaeilge, déanaim trialacha éisteachta, trialacha tuisceana, agus obair scríofa. Is breá liom na trialacha éisteachta, ach is fuath liom obair scríofa. Uaireanta labhraúm cúpla focail, ach níl mé iontach liofa.

Anraidh, chuaigh mé go dtí an Ghaeltacht le mo chuid Gaeilge a chleachtadh. Chuaigh mé go Rann na Feirste, agus bhí an chraic ar doigh! D'foghlaim mé Gaeilge labhartha, agus rinne mé a lán chairde nua. Bhí an aimsir milteanach, ach bhí bean an tí go hálainn. Ba mhaithe liom dul ar ais ar an bhliain seo chugainn, más féidir.